Is iomaí tacaíocht ann chun cabhrú le daoine costais liachta a íoc. Ina measc tá:

Cártaí Leighis

Le cárta leighis, tugtar rochtain ar sheirbhísí saor in aisce amhail cuairteanna ar do dhochtúir teaghlaigh, seirbhísí sláinte pobail, costais cúraim ospidéil agus leigheas ar oideas (*ach ní mór duit táille bheag a íoc as an oideas*). Féadfaidh tú tástáil súile agus cluasa agus scrúdú déidliachta saor in aisce a fháil freisin.

Seans go mbeidh tú in ann cárta leighis a fháil sa chás:

- Go bhfuil tú ar ioncam fíor-íseal,
- Go bhfuil tinneas nó míchumas trom ort,
- Go bhfuil tú idir 16-25 bliana d'aois, agus go bhfuil cárta leighis ag do thuismitheoirí nó go gcónaíonn tú leat féin agus tú ar ioncam íseal,
- Go bhfuil tú os cionn 70 bliana d'aois.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ar chárta leighis ar líne ag <https://www2.hse.ie/medical-cards/>. Féadfaidh tú tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ag d'Ionad Sláinte Áitiúil, d'Oifig Intreo áitiúil nó d'oifig bhrairse leasa shóisialaigh áitiúil, nó d'Ionad Eolais do Shaoránaigh, nó ag glao áitiúil 1850252919.

Cárta Cuairte Dochtúra

Mura n-éiríonn le d'iarratas ar chárta leighis, seans go mbeidh tú in ann Cárta Cuairte Dochtúra a fháil ina áit. Le Cárta Cuairte Dochtúra, féadfaidh daoine cuairt saor in aisce a thabhairt ar a ndochtúir teaghlaigh. Ní chuimsítear costais oideas leis an gCárta Cuairte Dochtúra, áfach, ná ní chuimsítear íocaíochtaí le haghaidh cúram ospidéal. Féadfaidh gach duine atá os cionn 70 bliana d'aois Cárta Cuairte Dochtúra a fháil gan tástáil acmhainne. Sa chás go bhfuil tú os cionn 70 bliana d'aois agus go bhfuil duine cleithiúnach agat amhail fear céile nó bean chéile, seans go mbeidh an duine sin in ann

Cárta Cuairte Dochtúra a fháil freisin. Déantar tástáil

acmhainne air sin ach féadfaidh tú ioncam níos airde a bheith agat ná mar is amhlaidh i gcás Chárta Leighis. Sa chás go bhfaigheann tú Sochar Cúramóra ar ráta iomlán nó ar leath ráta, nó Líuntas Cúramóra,

féadfaidh tú Cárta Cuairte Dochtúra a fháil. Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar 1850 24 1850, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www2.hse.ie/services/gp-visit-cards/gp-visit-cards.html>



An Scéim um Ghalar Ainsealach

Tugtar rochtain ar leigheas agus ar threalamh saor in aisce do dhaoine áirithe atá faoi mhíchumais nó atá breoite faoin scéim seo. Áirítear orthu sin daoine a bhfuil diaibéiteas, titimeas, míchumas intleachtúil, diostróife mhatánach agus scléaróis iolrach orthu. Chun liosta iomlán a fháil de na míchumas arna gcuimsiú faoin scéim seo agus chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Sláinte Áitiúil nó féach <https://www2.hse.ie/services/long-term-illness-scheme/long-term-illness.html>

An Scéim um Íocaíochtaí Drugaí

Is ceart duit iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo sa chás go n-íocann tú níos mó ná €124 sa mhí as leigheas duit féin nó do do theaghlach agus nach féidir leat cárta leighis a fháil. Féadfaidh duine ar bith iarratas a dhéanamh ar an scéim seo. Ní gá duit ach €124 a íoc as do chostais leighis, as ocsaigin nó meaisín CPAP a fháil ar cíos gach mí faoin scéim seo. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Sláinte Áitiúil nó féach <https://www2.hse.ie/services/drugs-payment-scheme/drugs-payment-scheme-card.html#Who-can-apply>

Seirbhísí Cúraim Pobail

Le Seirbhísí Cúraim Pobail, tugtar tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas maireachtáil sa phobal. Áirítear ar na seirbhísí sin altraí sláinte poiblí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí ceirde, seirbhísí cúntóra baile, seirbhísí cosliachta, seirbhísí teiripe urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae. Chun tuilleadh eolais a fháil faoina bhfuil le fáil i do cheantar áitiúil, déan teagmháil le d'Oifig Sláinte Áitiúil, D'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil nó le do dhochtúir teaghlaigh.



Fostaíocht

Is iomaí tacaíocht ann chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil:

- **An tSeirbhís EmployAbility:** Leis an tseirbhís seo, tugtar tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumais, do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu nó do dhaoine a raibh breoiteacht nó galar tromchúiseach orthu. Cabhraítear le daoine a bhfuil post acu, atá ag cuardach poist agus le fostóirí. Le EmployAbility, tugtar tacaíocht amhail cuardach post agus meaitseáil post, tacaíocht agus cóitseáil sa láthair oibre, agus cabhair le lánpháirtíú sa láthair oibre.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

EmployAbility Gaillimh

Aonad 9A, Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,

Páirc Gnó Mervue, Gaillimh H91 F773.

Teil: 091 755235 nó 086 3800 444

Ríomhphost: info@employabilityGaillimh.ie

Láithreán Gréasáin: <https://www.employabilityGaillimh.ie/>

Tabhair ar aird go mbaineann na deontais thíos leis an earnáil phríobháideach. Sa chás go n-oibríonn tú san earnáil phoiblí, ní mór d'fhostóir an tacaíocht atá uait a sholáthar, amhail íoc as trealamh nó ateangairí.

- **Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist:** Má tá tú bodhar nó moill éistigh ort, nó má tá lagú cainte ort, íoctar as ateangaire ag agallamh poist leis an deontas seo. Féadfar íoc as ateangaire freisin chun cabhrú leat nuair a thosaíonn tú i bpost nua. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/publication/ad8633-operational-guidelines-job-interview-interpret-grant-jiig/>



- **An Deontas um Oiriúnú Trealaimh san Ionad Oibre:** Sa chás go bhfuil post agat nó go dtosaíonn tú i bpost nua, féadfar íoc as athruithe atá le déanamh ar d'ionad oibre leis an deontas seo, nó chun cabhrú le trealamh nua a cheannach chun tacú leat i do chuid oibre. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/38fdd0-workplace-equipment-adaptation-grant/>
- **Deontas um Léitheoir Pearsanta:** Sa chás go bhfuil tú dall nó lagú amhairc ort, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an deontas seo chun cabhrú leat ábhar a léamh agus tú ag an obair. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/231dfe-personal-reader-grant/>
- **Deontas um Choinneáil Fostaithe:** Leis an deontas seo, cabhraítear le fostóirí fostaithe a choinneáil ag obair sa chás go dtagann breoiteacht nó míchumas orthu. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/publication/a13e33-operational-guidelines-employee-retention-grant-scheme/>
- **Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas:** Tugtar maoiniú d'fhostóirí faoin scéim seo chun oiliúint maidir le feasacht ar chúrsaí mhíchumais san ionad oibre a chur ar bhail foirne. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/3970b5-disability-awareness-support-scheme/>



Ar na scéimeanna a bhféadfá rochtain a fháil orthu tá:

- **An Scéim Fostaíochta Pobail (CE):** Faoin scéim seo, cabhraítear le daoine atá faoi mhíbhuntáiste nó atá difhostaithe go fadtéarmach filladh ar an obair trí bhíthin phoist pháirt-aimseartha ina bpobal áitiúil a thairiscint dóibh. Seans go mbeidh tú in ann dul isteach i scéim CE sa chás go bhfuil íocaíochtaí míchumais áirithe á bhfáil agat, amhail an Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/412714-community-employment-programme/>
- **An Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS):** Is d'fheirmeoirí ar ioncam íseal agus d'iascairí/do mhná a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe amhail Cúnamh Feirme nó Cúnamh Éisc agus an Liúntas Míchumais. Oibríonn daoine ar an Scéim RSS go páirt-aimseartha ar thionscadail a chabhraíonn lena bpobal áitiúil. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/059da9-rural-social-scheme/>
- **Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair:** Leis an íocaíocht seo, cabhraítear le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe, amhail an Liúntas Míchumais nó an Sochar Cuardaitheora Post, chun a ngnó féin a thionscain. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/f215a4-back-to-work-enterprise-allowance/>
- **Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach:** Leis an íocaíocht seo, cabhraítear le daoine a chaill a bpost agus a cháilíonn don Sochar Cuardaitheora Post chun a ngnó féin a thionscain. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Ionad Eolais do Shaoránaigh Áitiúil nó féach <https://www.gov.ie/en/service/538ba3-short-term-enterprise-allowance-stea/>



Tithíocht

Sa chás go bhfuil míchumas ort nó gur duine scothaosta tú a bhfuil dúshláin soghluaisteachta romhat, seans go mbeidh tú in ann cúnaimh airgeadais a fháil chun d'áit chónaithe a chur in oiriúint do do chuid riachtanas. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le: Tithíocht, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91H6KX.

Teil: 091 509300 **Ríomhphost:** housing@Gaillimhcoco.ie

Láithreán Gréasáin: <http://www.Gaillimh.ie/en/services/housing/>

Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta:

Féadfar an deontas seo a úsáid chun íoc as athruithe beaga nach mór a dhéanamh ar d'áit chónaithe mar gheall go bhfuil fadhbanna soghluaisteachta agatsa nó ag duine i do theaghlach. Mar shampla, is féidir íoc as cathaoir staighre, rampaí rochtana agus greimráillí. Is do dhaoine scothaosta é seo, go príomha, ach féadfar é a úsáid le haghaidh daoine faoi mhíchumas freisin.

An Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas:

Féadfar an deontas seo a úsáid chun íoc as athruithe móra nach mór duit a chur ar d'áit chónaithe mar gheall go bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach, nó intleachta, ortsa nó ar dhuine i do theaghlach, nó deacracht mheabhairshláinte. Ar na hathruithe a d'fhéadfaí a íoc astu leis an deontas seo tá: cathaoir staighre, síneadh le d'áit chónaithe agus leithreas thíos staighre.

An Scéim Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:

Féadfar an deontas seo a úsáid chun íoc as deisiúcháin ar d'áit chónaithe sa chás go bhfuil tú féin nó duine i do theaghlach os cionn 66 bliana d'aois. Ar na deisiúcháin agus na feabhsúcháin a fhéadtar a dhéanamh tá: téamh lárnach a chur isteach, fuinneoga agus doirse a athrú, córas leictreachais nua a chur isteach agus díon nua a chur ar áit chónaithe.



Tithíocht Shóisialta

Is éard atá anseo, tithíocht nó árasán a thugtar do dhaoine nach bhfuil in acmhainn a n-áit chónaithe féin a cheannach nó a fháil ar cíos. Féadfaidh an liosta feithimh do Thithíocht Shóisialta a bheith thar a bheith fada, mar sin bí cinnte go ndéanann tú iarratas láithreach. Tá tithíocht shóisialta shonrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumais. D'fhéadfadh seirbhísí eile a bheith ar fáil do thionóntaí, amhail gníomhaíochtaí sóisialta, béilí agus foireann tacaíochta. Le bheith in ann iarratas a dhéanamh ar thithíocht shóisialta, ní mór go mbeadh d'ioncam faoi bhun méid áirithe agus seans go mbeidh ort a thaispeáint nach féidir leat tithíocht oiriúnach eile a aimsiú duit féin.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Sá chás go gcáilíonn tú le haghaidh tithíocht shóisialta ach nach bhfuil tithíocht shóisialta oiriúnach i do cheantar, is ceart duit iarratas a dhéanamh ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP). Faoi HAP, íocann tú cíos le tiarna talún príobháideach. Íocfaidh Comhairle Chontae nó Cathrach na Gaillimh do chíos (*suas go méid áirithe*). Aistrefar daoine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa nó daoine atá ar an Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) chuig HAP le himeacht aimsire. Chun tuilleadh eolais faoi tacaíochtaí tithíochta a fháil, déan teagmháil le:

Tithíocht, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91H6KX.

Teil: 091 509300 **Ríomhphost:** housing@Gaillimhcoco.ie

Láithreán Gréasáin: <http://www.Gaillimh.ie/en/services/housing/> or https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/housing_options_english_feb18_v2.pdf

Tithíocht Dheonach

Tairgeann eagraíochtaí tithíochta deonaí tithíocht shóisialta do dhaoine ar an tslí chéanna is a dhéanann Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe. Tá grúpscéimeanna agus sciath-thithíocht acu do dhaoine scothaosta. Faoi na scéimeanna sin, tugtar deis do dhaoine maireachtáil go neamhspleách ach le rochtain acu ar sheirbhísí tacaíochta.



Tá formhór na n-eagraíochtaí sin bunaithe sa phobal agus bunaíodh iad chun freastal ar riachtanais tithíochta sonracha, amhail don Lucht Siúil agus do dhaoine scothaosta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:
Rannóg Tithíochta Deonáí Chomhairle Chontae na Gaillimhe
Teil: 091 509029

Taisteal

Pas Saorthaistil

Sa chás go bhfaigheann tú Pinsean Easláine, Liúntas Cúramóra, Pinsean na nDall nó Liúntas Míchumais, féadfaidh tú Pas Saorthaistil a fháil. Faigheann gach duine os cionn 66 bliana d'aois Pas Saorthaistil freisin. Leis an bpas seo, tugtar deis do dhaoine taisteal saor in aisce ar iompar poiblí agus ar roinnt seirbhísí bus agus bád farantóireachta freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis:
An Rannóg Saorthaistil
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar an Choláiste, Sligeach, Éire.

Teil: (071) 915 7100 nó 1890 500 000

Ríomhphost: freetravelqueries@welfare.ie

Láithreán Gréasáin: <https://www.gov.ie/en/service/9bba61-free-travel-scheme/>



Tiomáint agus Míchumas

Faoiseamh Cánach do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas

Tá an faoiseamh seo ar fáil do thiománaithe agus do phaisinéirí faoi mhíchumas fisiciúil. Sa chás go bhfaigheann tú an faoiseamh cánach seo, féadfaidh tú aisíocaíochtaí a fháil ar CBL, agus ní gá duit Cáin Cláraithe Feithiclí, mótarcháin ná dolaí a íoc. Féadfaidh tú aisíocaíocht ar CBL ar chostais bhreosla a fháil freisin.

Ceadanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leis na ceadanna seo, is féidir carr ina bhfuil tiománaí nó paisinéir faoi mhíchumais a pháirceáil i spás páirceála faoi leith do dhaoine faoi mhíchumas. Féadfaidh daoine páirceáil saor in aisce, mar shampla ar shráideanna agus i gcarrchlóis. Is féidir iad a úsáid i ngach tír san AE.

Chun tuilleadh eolais faoi na scéimeanna sin a fháil,
déan teagmháil le:

Disabled Drivers Association of Ireland

Baile an Daighin, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo.

Teil: 094 936 4054 nó 094 4266 **Ríomhphost:** info@ddai.ie

Láithreán Gréasáin: <https://ddai.ie/>



Rátaí Leasa Shóisialaigh do 2021

Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh

Ráta Seachtainiúil Uasta (ón tseachtain Dar tús an 4 Eanáir 2021)	Ráta Pearsanta €		Méadú do Dhuine Fásta Incháilithe €		Méadú do Leanbh Incháilithe €			
	2020	2021	2020	2021	2020 Faoi 12	2020 Aois 12 +	2021 Faoi 12	2021 Aois 12 +
Íocaíochtaí Árachais Shóisialta								
Pinsean Stáit (<i>Ranníocach</i>)								
• Ráta Pearsanta - Faoi 80	248.30	248.30			36.00	40.00	38.00	45.00
• Ráta Pearsanta - 80 +	258.30	258.30			36.00	40.00	38.00	45.00
• Méadú do Dhuine Fásta Incháilithe - Faoi 66			165.40	165.40				
• Méadú do Dhuine Fásta Incháilithe - 66 +			222.50	222.50				
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir / Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (<i>Ranníocach</i>) / Sochar Banchéile Thréigthe								
• Faoi 66	208.50	208.50			36.00	40.00	38.00	45.00
• 66 agus faoi 80	248.30	248.30			36.00	40.00	38.00	45.00
• 80 +	258.30	258.30			36.00	40.00	38.00	45.00
Pinsin Easláine	208.50	208.50	148.90	148.90	36.00	40.00	38.00	45.00
Sochar Cúramóra / Liúntas Síorfheastail	220.00	220.00			36.00	40.00	38.00	45.00
Sochar Míthreorach	234.00	234.00			36.00	40.00	38.00	45.00
Sochar Cuardaitheora Poist / Tinnis / um Shábháilteacht agus Sláinte / Diobhála	203.00	203.00	134.70	134.70	36.00	40.00	38.00	45.00
Sochar Máithreachais / Atharthachta / Uchtála / Tuismitheora	245.00	245.00						
Sochar Báis (<i>Scéim Diobhálacha Ceirde</i>)								
• Faoi 66	233.50	233.50			36.00	40.00	38.00	45.00
• 66 agus faoi 80	252.70	252.70			36.00	40.00	38.00	45.00
• 80 +	262.70	262.70			36.00	40.00	38.00	45.00



Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh

Ráta Seachtainiúil Uasta (<i>ón tseachtain Dar tús an 4 Eanáir 2021</i>)	Ráta Pearsanta €		Méadú do Dhuine Fásta Incháilithe €		Méadú do Leanbh Incháilithe €			
	2020	2021	2020	2021	2020 Faoi 12	2020 Aois 12 +	2021 Faoi 12	2021 Aois 12 +
Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh								
Pinsean Stáit (<i>Neamh-Ranníocach</i>)								
• Aois 66 agus Faoi Aois 80	237.00	237.00			36.00	40.00	38.00	45.00
• Aois 80 agus Níos Sine	247.00	247.00			36.00	40.00	38.00	45.00
• Méadú do Dhaoine Fásta Cáilithe - Under 66			156.60	156.60				
Liúntas Cúramóra								
• Aois 66	219.00	219.00			36.00	40.00	38.00	45.00
• Aois 66 agus Níos Sine	257.00	257.00			36.00	40.00	38.00	45.00
Liúntas Míchumais / Pinsean na nDall	203.00	203.00	134.70	134.70	36.00	40.00	38.00	45.00
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir / Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (<i>Neamh-Ranníocach</i>)	203.00	203.00			36.00	40.00		
Íocaíocht Teaghlaigh Aon Tuismitheora	203.00	203.00			36.00	40.00	38.00	45.00
Liúntas Réamh-Scoir / Banchéile Tréigthe	203.00	203.00			36.00	40.00	38.00	45.00
Liúntas Cuardaitheora Poist								
• 25 Bliana D'aois nó Níos Sine	203.00	203.00	134.70	134.70	36.00	40.00	38.00	45.00
• Aois 18-24 & Ag Maireachtáil go Neamhspleách le Tacaíocht Tithíochta Stáit	203.00		134.70		36.00	40.00		
• Aois 18-24 & Gan Maireachtáil go Neamhspleách	112.70		112.70					
Liúntas Leasa Forlíontach								
• 25 Bliana D'aois nó Níos Sine	201.00	201.00	134.70	134.70	36.00	40.00	38.00	45.00
• Aois 25 & Ag Maireachtáil go Neamhspleách le Tacaíocht Tithíochta Stáit	201.00	201.00	112.70	134.70	36.00	40.00	38.00	45.00
• Aois 25 & Gan Maireachtáil go Neamhspleách	112.70	112.70	112.70	112.70				
Cúnaimh Feirme	203.00	203.00	134.70	134.70	36.00	37.00	38.00	45.00



Íocaíocht Teaghlaigh Oibre (bhí Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh)

Tairseacha Íocaíochta Teaghlaigh Oibre		
Méid an Teaghlaigh	Teorainn Ioncaim 2020	Teorainn Ioncaim 2021
1 leanbh	€531.00	€541.00
2 leanbh	€632.00	€642.00
3 leanbh	€733.00	€743.00
4 leanbh	€834.00	€834.00
5 leanbh	€960.00	€960.00
6 leanbh	€1,076.00	€1,076.00
7 leanbh	€1,212.00	€1,212.00
8 leanbh nó níos mó	€1,308.00	€1,308.00

Sochar Linbh

	Ráta 2020	Ráta 2021
Ráta Míosúil	€140.00 an leanbh	€140.00 an leanbh
<p>Cúpla - Íoctar Sochar Linbh ag ráta go leith (150%) den ghnáthrata míosúil i gcás gach linbh.</p> <p>Gach ilbhreith eile - Íoctar an Sochar Linbh ag dhá oiread (200%) den ghnáthrata míosúil i gcás gach linbh.</p>		



Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile

	2020 go Seachtainiúil	2021 go Seachtainiúil
Íocaíocht Chaomhnóra (<i>Ranníocach</i>)	€186.00	€186.00
Íocaíocht Chaomhnóra (<i>Neamh-Chaomhnóra</i>)	€186.00	€186.00
Liúntas Breosla	€24.50	€28.00
Liúntas Maireachtála Aonair	€14.00	€19.00
Liúntas Oileáin (<i>oileáin shonraithe amach ón gcósta</i>)	€12.70	€20.00
	2020 go míosúil	2021 go míosúil
Liúntas Cúram Baile	€309.50	€309.50
	2020 go bliantúil	2021 go bliantúil
Deontas Tacaíochta Cúramóra	€1,700.00	€1,850.00
	2020 annually	2021 annually
Liúntas Éadaí & Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil Gach leanbh cáilithe atá 4-11 de bhilanta d'aois Gach leanbh cáilithe atá 12 bhilanta d'aois agus níos sine		
	€150.00	€150.00
	€275.00	€275.00
	2020 íocaíocht aon uair amháin	2021 íocaíocht aon uair amháin
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta	€6,000.00	€8,000.00



Sochar Breisithe Breoiteachta i leith Asláithreachtaí COVID-19

Ráta Pearsanta	Méadú do Dhuine Fásfa Cáilithe	Méadú do Leanbh Cáilithe	
		Faoi 12	Aois 12 +
€350.00	€134.70	€38.00	€45.00

Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime COVID-19

Tuilleamh Comhlán Seachtainiúil Roimh Éileamh	Ráta Reatha	An Ráta ón 1 Feabhra 2021
Faoi €200	€203.00	€203.00
€200 to €300	€250.00	€203.00
Os cionn €300	€300.00	€250.00



Ionad Eolais do Shaoránaigh

Is anseo a thugtar eolas agus comhairle faoi sheirbhísí poiblí agus sóisialta, amhail cearta fostaíochta, sláinte, cearta custaiméirí agus scéimeanna leasa. Cabhraítear le daoine rochtain a fháil ar na seirbhísí sin freisin.

Déan teagmháil leis na hionad chun eolas a fháil faoi uaireanta oscailte agus clinicí for-rochtana.

An Clochán (Seirbhísí For-rochtana i Leitir Fraic)

c/o Comhar Creidmheasa an Chaisil/Chonamara,
Urlár Uachtair, Sea View, An Clochán.

Teil: 0761 07 7580 **Ríomhphost:** clifden@citinfo.ie

Gaillimh (Seirbhísí For-rochtana sa Ghort, in Áth Cinn, i mBaile Locha Riach, i bPort Omna agus i nDabhach Uisce)

Teach San Aibhistín, Sráid San Aibhistín, Gaillimh.

Teil: 0761 07 7600 **Ríomhphost:** Gaillimh@citinfo.ie

Ros Muc

Ionad Eolais do Shaoránaigh, Ionad Fiontair,
Ros Muc, Co. na Gaillimhe.

Teil: 0761 07 7730 **Ríomhphost:** rosmuc@citinfo.ie

Tuaim

Foirgneamh an Ionaid Oideachais
agus Forbartha,
Brú Bhríde, Church View, Tuaim,
Contae na Gaillimhe.

Teil: 076 1 07 7740

Ríomhphost: tuam@citinfo.ie



Ionaid Intreo agus Oifigí Brainse Leasa Shóisialaigh

Oifig Bhrainse Leasa Shóisialaigh, Béal Átha na Sluaighe

(cuimsítear ceantar Bhéal Átha na Sluaighe)

Aonad 1-2, Riverview, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.

Teil: 090 963 1800

Ionad Intreo an Chlocháin

(Cuimsítear an Clochán, Conamara Thuaidh, Conamara Theas)

Bóthar na Gaillimhe, An Clochán, H71 P660.

Teil: 095 22210

Ionad Intreo na Gaillimhe

*(Cuimsítear Cathair na Gaillimhe agus ceantair timpeall uirthi amhail
Uachtar Ard agus na hOileáin Árann)*

Ionad Sean Duggan, Bóthar Fhaiche an Aonaigh,
Gaillimh, H91 XT91.

Teil: 091 500800

Oifig Bhrainse Leasa Shóisialaigh, An Gort

*(Cuimsítear An Gort agus ceantair amhail Daraidh Braoin, Ard Raithin,
Cill Cholgáin, Cill Chríost, Cinn Mhara, Creachmhaoil, Leacain an Éadain,
An Tobar, Cora Finne, An Carn, Croisín agus Boirinn)*

Bóthar Bhaile Locha Riach, An Gort, Contae na Gaillimhe.

Teil: 091 630 210

Ionad Intreo Bhaile Locha Riach

*(Cuimsítear Baile Bhaile Locha Riach go Creachmhaoil, Baile Átha an Rí, An Cnoc
Breac, Cill Ríicill, Ceapaigh an tSeagail, Mullagh, Gort Uí Mhadáin, Cill Íomair,
Port Omna agus An Ghráig)*

Teach an Iarnróid, Bóthar an Stáisiúin,
Baile Locha Riach, Contae na Gaillimhe.

Teil: 091 576870

Oifig Bhrainse Leasa Shóisialaigh Thuama

Church View, Tuam, Contae na Gaillimhe,
H54 F882.

Teil: 093 70940

Ríomhphost: tuam@welfare.ie



Seirbhísí agus Eagraíochtaí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas i nGaillimh

1. Ability West

Seoladh:

Teach na Carraige Duibhe
Bóthar na Trá
Gaillimh, H91 R254

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 540900
Ríomhphost: enquiries@abilitywest.ie
Láithreán
Gréasáin: www.abilitywest.ie

Tugann Ability West tacaíocht do bhreis agus 520 leanbh, duine óg agus duine fásta faoi mhíchumas intleachtúil i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe. Ritheann siad 4 scoil speisialta agus tugann cúram faoisimh do leanaí agus daoine óga. Tá go leor seirbhísí do dhaoine fásta ag AbilityWest amhail ionaid lae, cúram faoisimh agus tacú le daoine bheith ag maireachtáil go neamhspleách sa phobal.

2. Accessibility Ballinasloe

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón:
Ríomhphost: accessibilitybsloe@gmail.com
Facebook: www.facebook.com/accessibilitybsloe

Is grúpa pobail é Accessibility Ballinasloe ar aidhm leis ceantar inrochtana agus uilechuimsitheach a dhéanamh de cheantar Bhéal Átha na Sluaighe, ina gcuirtear fáilte roimh chách agus ina dtugtar tacaíocht do gach duine saol neamhspleách, sláintiúil a chaitheamh, beag beann ar aois ná ar inscne.

3. AHEAD

Seoladh:

An Halla Thoir, COBÁC
Ascaill Dhún Charúin
An Charraig Dhubh
Co Bhaile Átha Cliath

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 716 4396
Ríomhphost: ahead@ahead.ie
Láithreán
Gréasáin: www.ahead.ie

Is eagraíocht neamhspleách, neamhbhrabúis é AHEAD a oibríonn chun timpeallachtaí uilechuimsitheacha a chruthú do dhaoine faoi mhíchumais san oideachas agus san fhostaíocht. Díríonn ár gcuid oibre go príomha ar bhreisoideachas, breisoiliúint, ardoideachas agus fostaíocht do chéimithe.

4. Acquired Brain Injury Ireland

Seoladh:

2ú Urlár, Bloc A,
Century House
100 Sráid Sheoirse Uachtarach
Dún Laoghaire
Co Bhaile Átha Cliath
A96 R2V3

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 280 4164
Ríomhphost: info@abiireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.abiireland.ie

Cabhraíonn an eagraíocht seo le daoine a bhfuil Gortuithe Inchinne Faighte acu a saol a atógáil i ndiaidh dóibh gortú inchinne a fháil, trí bhíthin athshlánúchán pobail agus seirbhísí tacaíochta ar fud na tíre.

5. Arthritis Ireland

Seoladh:

Clanwilliam Square
Cé na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 661 8188
Ríomhphost: e.info@arthritisireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.arthritisireland.ie

Cabhraíonn Arthritis Ireland le daoine a bhfuil airtríteas orthu teacht ar an tacaíocht a dteastaíonn uathu chun saol lán, gníomhach a chaitheamh.

6. AsIAM

Seoladh:

Rock House
An Phríomhshráid
An Charraig Dhubh
Co. Baile Átha Cliath
A94 V9P1

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 445 3203
(fiosruithe riaracháin amháin)
Ríomhphost: info@asiam.ie
Láithreán
Gréasáin: www.asiam.ie/

Cuireann AsIAM le feasacht faoi uathachas in Éirinn. Tugann sé faisnéis do dhaoine ar speictream an uathachais agus dá dteaghligh faoi na seirbhísí sa phobal. Cuireann sé spás ar fáil do dhaoine ar speictream an uathachais le go gcloisfí faoin saol agus faoi na fadhbanna atá acu.

7. Aspergers Action Galway

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 086 089 1688
Ríomhphost: info@aspergersgalway.com

Tugann Aspergers Action Galway tacaíocht do dhaoine a bhfuil siondróm Asperger acu agus dá dteaghligh. Eagraíonn siad cruinnithe rialta agus gníomhaíochtaí sóisialta i nGaillimh.

8. Bráithre na Carthanachta

Seoladh:

Fearann na Coille
An Rinn Mhór
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 721400
Ríomhphost: contact.west@bocsi.ie
Láithreán
Gréasáin: <https://www.brothersofcharity.ie/galway/>

Leis an tseirbhís seo, tugtar tacaíocht do leanaí, daoine óga agus daoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach agus intleachtúil. Tá go leor seirbhísí éagsúla acu ar fud na Gaillimhe. Soláthraíonn siad seirbhísí sna réimse a leanas: fisiteiripe, síciatracht, síceolaíocht, altranas pobail agus teiripe urlabhra agus teanga. Tá scoileanna speisialta acu do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumais agus soláthraíonn siad cúram cónaitheach agus cúram lae do dhaoine fásta.

9. Down Syndrome Ireland

Seoladh:

Ionad Shiondróm
Down na Gaillimhe Thoir
Aonad 7 Cois Chláir
Baile an Chláir
Contae na Gaillimhe
H91A2F4

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 087 1861914
Ríomhphost: info@downsyndromegalway.ie
Láithreán
Gréasáin: www.downsyndromegalway.ie

Tugann Down Syndrome Ireland tacaíocht do dhaoine a bhfuil Siondróm Down orthu agus dá dteaghlaigh. Ar na seirbhísí atá acu tá: tacaíochtaí do thuismitheoirí nua, teiripe urlabhra agus teanga, grúpa tuismitheoirí agus lapadán agus tacaíochtaí oideachais.

10. Cumas Éireann - Gaillimh

Seoladh:

Bóthar Shéamais Uí Chuiric
An Caisleán Nua
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 545800
Ríomhphost: info.galway@enableireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.enableireland.ie

Tugann Cumas Éireann tacaíocht do leanaí, daoine óga agus daoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus céadfach. Ar na tacaíochtaí a thugann siad do leanaí agus daoine óga tá: seirbhís réamhscoile, cabhair le Teicneolaíochta Chúnta, seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus gníomhaíochtaí sóisialta amhail snámh agus marcaíocht capall. Ar roinnt de na seirbhísí do dhaoine fásta tá: cúntóirí pearsanta, iompar, seirbhísí tacaíochta na hoibre sóisialta agus cabhair le Teicneolaíocht Chúnta.

11. Family Carers Ireland

Seoladh:

The Glebe
Tuaim
Contae na Gaillimhe

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 093 30060
Ríomhphost: galwaysupport@familycarers.ie
Láithreán
Gréasáin: www.familycarers.ie

Tugann Family Carers Ireland cabhair, tacaíocht agus comhairle do chúramóirí. Reáchtálann siad grúpaí tacaíochta, eagraíonn siad gníomhaíochtaí do chúramóirí agus ritheann siad cláir oiliúna do dhaoine chun foghlaim le cúram a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile. Tugann siad tacaíocht shonrach do chúramóirí óga atá faoi 18 mbliana d'aois freisin.

12. Galway Autism Partnership

Seoladh:

Tigh Rónáin
36 Páirc an Labhrais
An Caisleán Nua
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 588 899
Ríomhphost: info@galwayautismpartnership.com
Láithreán
Gréasáin: www.galwayautismpartnership.com

Tugann Galway Autism Partnership (*GAP*) tacaíocht do dhaoine ar speictream an uathachais agus dá dteaghlaigh. Ar roinnt de sheirbhísí GAP tá: campaí agus clubanna, tacaíocht phiaraí, laethanta teaghlaigh agus maidineacha caifé.

13. Galway Centre for Independent Living

Seoladh:

Aonad 53
Páirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 773910
Ríomhphost: info@gcil.ie
Láithreán
Gréasáin: www.gcil.ie

Tugann Galway Centre for Independent Living tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumais maireachtáil go neamhspleách. Ar roinnt dá chuid seirbhísí tá: iompar inrochtana, cúntóirí baile agus pearsanta chun tacú le daoine bheith ag staidéar, ag obair agus ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí sóisialta.

14. Galway Head Injury Support Group

Seoladh:

Foirgneamh Quest Ireland
9A Páirc Gnó an Leasa Bháin
Bóthar Thuama
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 768 168
Ríomhphost: galwayhisg@gmail.com
Láithreán
Gréasáin: www.galwayheadinjury.com

Tugann an grúpa seo tacaíocht, faisnéis agus comhairleoireacht do theaghlaigh daoine a bhfuil Gortú Inchinne Faighte acu i nGaillimh.

15. Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin (BOOGRC)

Seoladh:

An Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 874 500
Ríomhphost: info@gretb.ie
Láithreán
Gréasáin: www.gretb.ie

Soláthraítear Cláir Sainoiliúna i nGaillimh agus i Ros Comáin do dhaoine faoi mhíchumais a dteastaíonn diantacaíocht uathu. Is saintréithe den tsainoiliúint ghairme seo iad: fad achair níos faide; trealamh sainoiriúnaithe; socruithe taistil; ábhar cláir feabhsaithe. An Líonra Náisiúnta Foghlama a chuireann na cúrsaí sin ar fáil ar son BOOGRC (*féach liosta thíos*).

Áirítear TFC agus ilscileanna gairme ar na cúrsaí. Bíonn siad bliain nó dhá bhliain ar fhad, de ghnáth, cuirtear ar fáil iad i rith na bliana ar fad agus bronntar creidiúnú QQI ina leith.

16. Cumann na hÉireann um Madraí Treorach

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 1850 506 300
Ríomhphost: support@guidedogs.ie
Láithreán
Gréasáin: <https://guidedogs.ie/>

Cabhraíonn an tseirbhís seo le daoine atá dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu bheith ag maireachtáil ar an mbealach is neamhspleáiche agus is féidir. Cuireann siad oiliúint ar Mhadraí Treorach chun cabhrú le daoine bogadh thart go sábháilte agus maireachtáil go neamhspleách. Soláthraíonn siad Madraí Cúnaimh do dhaoine ar speictream an uathachais freisin.

Soláthraíonn siad tacaíochtaí eile freisin, amhail oiliúint i soghluaisteacht agus i scileanna le bheith ag maireachtáil go neamhspleách, amhail cócaireacht.

17. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann

Seoladh:

Gaillimh:
Seirbhís Acmhainní agus
For-rochtana
Aonad 10A
Ospidéal Pháirc Mhuirlinne
Gaillimh

Tuaim:
Seirbhís Acmhainní agus
For-rochtana Thuama
The Glebe
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Tuaim
Contae na Gaillimhe

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 771 552
Ríomhphost: galway@iwa.ie
Láithreán Gréasáin: www.iwa.ie

Teileafón: 093 26659
Ríomhphost: tuam@iwa.ie
Láithreán Gréasáin: www.iwa.ie

Tugann Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil maireachtáil go neamhspleách agus rochtain a fháil ar sheirbhísí. Tá clár oideachais agus oiliúna acu, tacaíonn siad le daoine maireachtáil go neamhspleách agus rochtain a fháil ar iompar, amhail carr a thiomáint.

18. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann: Spórt

Seoladh:

Céide an Fhraoigh Dhuibh
Cluain Tairbh
Baile Átha Cliath 3

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 818 6400
Ríomhphost: info@iwasport.com
Láithreán Gréasáin: www.iwasport.com

Tugann Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann deis do leanaí, daoine óga agus daoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil páirt a ghlacadh i roinnt spórt. Áirítear orthu sin: Rugbaí/Cispheil i gCathaoir Rothaí, Para-Lúthchleasaíocht, Tréantógáil Meáchan do Phara-Lúthchleasaithe, Para-Shnámh, Para-Bhoghdóireacht, Para-Leadóig Boird agus Boccia.

Gaillimh Speeders: Is club ilspóirt é seo do leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas fisiciúil. Is iomaí spórt atá acu, Cispheil i gCathaoir Rothaí, Seoltóireacht i gCathaoir Rothaí, Iománaíocht i gCathaoir Rothaí agus Para-Leadóig Boird. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le: Delia Boyce (*Rúnaí*) 087 7971454 nó delia.boyce@hotmail.com nó Liz Gantly (*Cathaoirleach*) 086 1730180 nó gantlyliz@gmail.com nó féach www.Gaillimhspeeders.ie.

Club Cispheile i gCathaoir Rothaí Titans: Is club cispheile i gCathaoir rothaí é seo do dhaoine fásta agus bíonn siad ag traenáil i gCathair na Gaillimhe. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach <https://www.titans.ie/site/wheelers/> nó déan teagmháil le wheelchairs@titans.ie.

19. Meals4Health

Seoladh:

Aonad 5
Eastát Tionscail an Bhaile Bháin
An Baile Bán
Gaillimh
H91 Y7R9

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 354000 / 085 8719384
Ríomhphost: info@meals4health.ie
Láithreán
Gréasáin: www.meals4health.ie

Déanann Meals4Health béilí úra a réiteach agus a sheachadadh chuig daoine sa bhaile. Is ar dhaoine scothaosta, daoine atá ag téarnamh ó thinneas nó daoine a mbíonn deacrachtaí acu siopadóireacht agus cócaireacht a dhéanamh dóibh féin, atá an tseirbhís dírithe. Is féidir béilí daoine a chur in oiriúint dá riachtanais liachta agus freastalaítear ar shainriachtanais cothaithe daoine.

20. National Council for the Blind in Ireland – An tIarlthar (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin)

Seoladh:

Teach Odeon
An Fhaiche Mhór
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 564 926
Ríomhphost: info@ncbi.ie
Láithreán Gréasáin: www.ncbi.ie

Tugann The National Council for the Blind in Ireland (*NCBI*) tacaíocht do dhaoine atá dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu. Cabhraíonn NCBI le daoine dul in oiriúint do chailliúint radharc na súl agus a neamhspleáchas a chothú, scileanna nua a fhoghlaim agus teacht ar chlosleabhair nó leabhair Braille, mar shampla.

21. An Lónra Náisiúnta Foghlama

Seoladh:

Ionad an Lónra Náisiúnta
Foghlama
Páirc Gnó Horizon
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 756 650
Ríomhphost: galway@nlm.ie
Láithreán
Gréasáin: <https://www.rehab.ie/national-learning-network/>

Tugann an Lónra Náisiúnta Foghlama tacaíocht do dhaoine a mbíonn deacrachtaí acu post a fháil mar gheall ar mhíchumas, breoiteacht nó a bheith difhostaithe go fadtéarmach. Tá os cionn 70 clár oiliúna gairme agus athshlánúcháin éagsúla acu a chabhraíonn le cur le féin-mhuinín agus scileanna daoine agus a ullmhaíonn iad chun post a fháil.

22. Parkinson's Association of Ireland – Brainse na Gaillimhe

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Duine Teagmhála: Marie Cahill
Teileafón: 087 7783825
Ríomhphost: galwaychairperson@parkinsons.ie
Láithreán Gréasáin: www.parkinsons.ie

Tagann brainse na Gaillimhe de Parkinson's Association of Ireland le chéile an tríd Céadaoin de gach mí in Óstán Clayton, Gaillimh ar 8pm. Tugann duine difriúil aitheasc gach mí agus bíonn seisiún ceisteanna agus freagraí ina dhiaidh sin.

23. Quest Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Quest Ireland Building
 9A Páirc Gnó an Leasa Bháin
 Bóthar Thuama
 Gaillimh

Teileafón: 091 778850
Ríomhphost: quest@nln.ie
Láithreán Gréasáin: www.questbraininjury.com

Is seirbhís athshlánúcháin phobail do dhaoine a bhfuil gortú inchinne faighte acu é Quest Brain Injury Services. Is cuid den Líonra Náisiúnta Foghlama é Quest agus faigheann sé maoiniú ó FSS. Freastalaíonn sé ar dhaoine i réigiúin na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin. Tá an tseirbhís ar fáil do mharthanóirí díobhálacha inchinne idir 18 agus 65 bliana d'aois.

24. Social Farming Ireland

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Forbairt Réigiúnach an Iardheiscirt CLG
 An Phríomhshráid
 Balla
 Co Mhaigh Eo
 F23WD61

Duine Teagmhála: Deirdre Fahey
(Oifigeach Fhorbairt Réigiúnach an Iarthair)
Teileafón: 087 623 3862
Ríomhphost: dfahey@southmayo.com
Láithreán Gréasáin: www.socialfarmingireland.ie

Soláthraíonn Social Farming gníomhaíochtaí éagsúla ar fheirmeacha mar thacaíocht shóisialta do go leor cineálacha duine, amhail daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiciúil agus daoine a bhfuil fadhbanna acu le handúil. Ach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí laethúla ar fheirmeacha teaghlaigh, féadfaidh feabhas teacht ar fhéin-mheas, ar shláinte agus ar holláine daoine.

25. Cluichí Oilimpeacha Speisialta Chonnachta

Seoladh:

The Gateway Building
Páirc Gnó an Iarthuaiscirt
Cúil Mhuine
Sligeach

Mionsonraí Teagmhála:

Teileafón: 071 9118320
Ríomhphost: connaught@specialolympics.ie
Láithreán
Gréasáin: www.specialolympics.ie

Eagraíonn Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann gníomhaíochtaí spóirt do leanaí, daoine óga agus daoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil. Pléann siad le 16 spórt éagsúla amhail lúthchleasaíocht, cispheil, leadóg boird agus cadhcáil. Tá 60 club ar fud Chonnachta, roinnt acu i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.

26. SupportMe

Seoladh:

Mionsonraí Teagmhála:

Ríomhphost: info@supportme.ie
Láithreán Gréasáin: www.supportme.ie

Tá faisnéis ar an láithreán gréasáin seo faoi sheirbhísí éagsúla in Iarthar na hÉireann amhail tacaíochtaí míchumais, oideachas agus oiliúint, meabhairshláinte agus andúil.

Is féidir teacht ar an bhfaisnéis sa leabhrán seo ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

www.asiam.ie

www.citizensinformation.ie

www.disability-federation.ie

www.education.ie

www.Gaillimhchildcare.com

www.Gaillimhcitycouncil.ie

www.Gaillimhcountycouncil.ie

www.gtmtrav.ie

www.gcp.ie

www.hse.ie

www.localemploymentservices.ie

www.supportme.ie

www.welfare.ie

www.workplacereactions.ie



Nótaí

